

# Líonra bus arna dhearadh do thodhchaí na Gaillimhe.

## Fáilte chuig do Líonra Bus Nua

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

BUS CONNECTS GAILLIMH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

## Cad is BusConnects

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann. Tá BusConnects san áireamh le Plean Forbartha Náisiúnta 2021 - 2030 an Rialtais agus le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

## Cad atá ag tarlú i nGaillimh?

Is ionann BusConnects na Gaillimhe agus clár naoi mbeart chun córas bus na Gaillimhe a athrú ó bhonn. In éineacht le Straitéis Iompair na Gaillimhe agus an Nasc Thraschathrach lena mbaineann, trí BusConnects méadófar ábharthacht agus úsáideacht an iompair phoiblí i nGaillimh.

Is é ceann amháin de na straitéisí de chuid BusConnects ná chun dearadh na mbealaí bus iad féin a fheabhsú. Leis an Líonra Bus Nua do Ghaillimh cuirtear seirbhísí nua ar fáil i gceantair arna bhforbairt le déanaí agus ag an am céanna feabhsaítear díríocht, minicíochtaí agus naisc na mbealaí atá ann cheana.

## Cad é mar a dhéanfar Córas Bus na Gaillimhe a fheabhsú?


1. An Gréasán Bus a athdhearadh
2. Gréasán nua conairí bus agus lánaí rothar a thógáil
3. Córas ticéadaithe úrscothach a chur chun feidhme
4. Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme
5. Struchtúr táillí níos simplí
6. Libhré nua bus
7. Stadanna agus scáthláin nua bus a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu
8. Láithreacha nua Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha
9. Aistriú chuig flít busanna astaíochtaí nialasacha

# Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an líonra bus athdheartha?

- Méadú 50% ar sheirbhísí bus do cheantar Chathair na Gaillimhe.
- Bealach bus 24 uair an chloig nua.
- Feabhsófar minicíochtaí agus uaireanta seirbhíse ag deireadh na seachtaine, agus oibreofar gach bealach ar an Domhnach.
- Bealaí arna ndearadh le bheith níos gasta agus níos iontaofa.
- Trí bhealach mhinice agus seirbhís á tairiscint acu gach 15 nóiméad nó níos minice.




Méadú
**50% ar an iomlán ar sheirbhísí bus.**




Rochtain níos fearr ar sheirbhísí bus.
**Beidh méadú 79% ar líon na ndaoine laistigh de 400m ó sheirbhís mhinic.**



**Líonra ardmhinicíochta a fhorbairt..**




**Líonra seacht lá sa tseachtain.**
Feabhsófar minicíochtaí agus uaireanta seirbhíse ag deireadh na seachtaine, agus oibreofar gach bealach ar an Domhnach.

## Cén Chaoi ar Thángamar Anseo?

I Feabhra 2023 thionóil an ÚNI comhairliúchán poiblí maidir le dréacht-líonra bus nua do Ghaillimh. Thug cónaitheoirí, oibrithe, úinéirí gnólachtaí agus mic léinn a gcuid tuairimí maidir leis na hathruithe molta. Fuarthas beagnach 900 tuairim agus aighneachtaí aiseolais maidir leis an dréacht-líonra nua. Rinne an ÚNI athruithe mar fhreagairt ar an aiseolas sin ón bpobal, sula ndearna sé an Líonra Bus Nua a thabhairt chun críche.


## Cad a tharlóidh anois?

Tá sé beartaithe ag an ÚNI tús a chur le feidhmiú Líonra Bus Nua na Gaillimhe idir 2025 agus 2026. Mar chuid de BusConnects, tá obair á cur chun cinn ag an ÚNI ar na Conairí Iompair Inbhuanaithe lena bhfeabhsófar agaí taistil ar an líonra bus agus lena bhfeabhsófar naisc do choisithe agus do rothaithe. Cuirfear codanna eile de chlár BusConnects, amhail táillí níos simplí, i gcrích laistigh den líonra bus nua.

Chun féachaint ar Thuarascáil an Líonra Dheiridh agus chun an léarscáil idirghníomhach ar líne a úsáid, tabhair cuairt ar:


https://busconnects.ie/cities/galway/

## Ag bogadh thart le BusConnects na Gaillimhe.




**Gréasán Nua, uimhreacha nua.**


Beidh uimhreacha bealaigh úrnua ag BusConnects.




Cad a chiallaíonn sé nuair a scoilteann dhá chraobh ar an léarscáil?

**Leanann na craobhacha bealaigh ar aghaidh ag minicíocht níos ísle.**

**Táillí Simplithe.**




Clúdóidh an táille seo gach turas bus agus iarnróid comaitéara a tosaíodh laistigh de thréimhse 90 nóiméad.

**Cén uair a athróidh an gréasán bus?**

Tabharfar an gréasán nua bus isteach sa bhliain 2025. Mar sin, beidh go leor ama agat chun éirí cleachta le do bhealaí nua agus leis na huimhreacha bus nua.




# Bealaí bus i do cheantar áitiúil

| Bealach | Ó | Via | Go | Cé Chomh Minic |
|---|---|---|---|---|
| *Minicíocht meán lae léirithe sa tábla D'fhéadfadh seirbhísí a bheith níos minice le linn buaicuaireanta. Níos annaimhe ag an deireadh seachtaine/um thráthnóna. | | | | |
| 1 | Geata | W. Bóthar Dáileacháin - Bóthar na Mine - Promanád Bhóthar na Trá - Bóthar na Trá Uachtarach - Bóthar Naomh Muire - Bóthar an Chaisleáin Nua - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach - Bóthar an Choláiste - Bóthar Pháirc an Tobair - Bóthar Mhuine Mheá - Bóthar an Bhaile Bháin - Bóthar Pháirc an Chaisleáin - Bóthar Mhuine Mheá - Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 15 nóiméad |
| 3 | Geata | W. Bóthar Dáileacháin - Bóthar an Chlaí Bháin Uachtarach - Bóthar Rathúin - Bóthar Dhiarmada - Bun an Chnoic - An Cuarbhóthar - Bóthar Shéamais Uí Chuirc - Bóthar an Chaisleáin Nua - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach - Cnoc an Radhairc - An Bóthar Mór - Bóthar Thuama - Bóthar Mhuine Mheá - Ascaill Mhic Dhonncha/Ascaill Uí Chléirigh - Ascaill Mhic Dhiarmada/Ascaill Tone - Ascaill Uí Chonghaile - Bóthar San Séamas - Bóthar an Bhaile Bháin | Eastát Tionscail Bhaile an Bhriotaigh | 20 nóiméad |
| 4 | Geata | Páirc Gnó na Gaillimhe Thiar - Bóthar Rathúin - Bóthar Shéamais Uí Chuirc - Bóthar Le Chéile - Bóthar Shiobhán Nic Cionnaith - Bóthar Thomáis Uí Eidhin - Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach - Bóthar an Chaisleáin Nua - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach - Bóthar an Choláiste - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar na Rinne Móire - Céide na Sceiche - Céide na Fiúise - Bóthar Bhaile an Locháin - Bóthar Bhaile Átha Cliath | Ospidéal Pháirc Mhuirlinne | 30 nóiméad |
| 4 | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach - Bóthar an Chaisleáin Nua - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe | Lár na Cathrach | 15 nóiméad, ag buaicuaireanta |
| 7 | Bóthar na Ceapaí | Bóthar Bhearna - Bóthar na Trá Uachtarach - Promanád Bhóthar na Trá - Promanáid Rinn na Mara - Bóthar na Trá Báine - Bóthar an Athar Uí Ghríofa - Bóthar an Duga/Bóthar na gCeannaithe - Lár na Cathrach - Sráid Eglinton - Bóthar Áth Cinn - Bóthar Chúil Each - Arda Thír Oileáin - Bóthar Áth Cinn - Bóthar an Choiste | An Caisleán Gearr | 20 nóiméad |
| 9 | Cnoc na Cathrach (Bóthar Dáileacháin an Iarthair) | Malartán an Gheata - Bóthar Dáileacháin an Iarthair - Bóthar Rathúin - Bóthar Shéamais Uí Chuirc - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) - Bóthar an Choláiste - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Dhabhach Uisce - Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 10 nóiméad |
| 9A | Bóthar na Ceapaí | Bóthar Dáileacháin an Iarthair - Malartán an Gheata - Bóthar Dáileacháin an Iarthair - Bóthar Rathúin - Bóthar Shéamais Uí Chuirc - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach - Bóthar an Choláiste - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Dhabhach Uisce - Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 20 nóiméad |
| 9B | Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach | Bóthar Bhaile an Mhóinín - Bóthar Sheanghoirt - Bóthar an Chlaí Bháin Íochtarach - Bóthar Dáileacháin an Iarthair - Malartán an Gheata - Bóthar Dáileacháin an Iarthair - Bóthar Rathúin - Bóthar Shéamais Uí Chuirc - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach - Bóthar an Choláiste - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Dhabhach Uisce - Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 20 nóiméad |
| 10* | Bóthar an Bhóthair Aird | Bóthar Maunsell - Bóthar Sheantalaimh - Bóthar Cholm Cille - Bóthar Mhic Coisteala - Bóthar an Chaisleáin Nua - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) - Bóthar an Choláiste - Bóthar Bhaile Átha Cliath - {Cosáin mhalartacha ag brath ar an gcraobh} - An Phríomhshráid - Bóthar Chnoc Odhráin - Coill Clocha - An Phríomhshráid (Lidl) | Órán Mór | 15 nóiméad |
| 10A | Bóthar na Trá | Bóthar na Trá Uachtarach - Bóthar Chnoc na Cathrach - Bóthar Bhaile an Rí - Bóthar an Bhóthair Aird - Bóthar Maunsell - Bóthar Sheantalaimh - Bóthar Cholm Cille - Bóthar Mhic Coisteala - Bóthar an Chaisleáin Nua - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach - Bóthar an Choláiste - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Clinic na Gaillimhe - An Bóthar Isteach Thoir - An Phríomhshráid - Bóthar Chnoc Odhráin - Coill Clocha - An Phríomhshráid (Lidl) | Órán Mór tríd an mBóthar Isteach Thoir | 30 nóiméad |
| 10B | Geata | Bóthar Dáileacháin an Iarthair - Bóthar an Easpaig Uí Dhónaill - Bóthar na Mine - Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín - Gairdíní Devon - Lána na Corónach Muire - Bóthar an Bhóthair Aird - Bóthar Maunsell - Bóthar Sheantalaimh - Bóthar Cholm Cille - Bóthar Mhic Coisteala - Bóthar an Chaisleáin Nua - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach - Bóthar an Choláiste - Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Dhabhach Uisce - Ros Cam - Bóthar an Chósta - An Phríomhshráid - Bóthar Chnoc Odhráin - Coill Clocha - An Phríomhshráid (Lidl) | Órán Mór trí Ros Cam | 30 nóiméad |
| 424 | Bearna | Bóthar Bhearna - Bóthar Bhaile an Rí - Bóthar Sheanghoirt - Bóthar an Chlaí Bháin Íochtarach - Bóthar Dáileacháin an Iarthair - Malartán an Gheata - Bóthar Dáileacháin an Iarthair - Bóthar Rathúin - Bóthar Shéamais Uí Chuirc - Bóthar na hOllscoile - Ardeaglais na Gaillimhe - Lár na Cathrach Stadanna teoranta i nGaillimh. | Stáisiún an Cheanntaigh | 60 nóiméad, 30 nóiméad ag buaicuaireanta |

*Soláthraítear minicíocht 15 nóiméad ar Bhealach 10 idir Órán Mór agus Gaillimh.
Téann craobhacha Bhealach 10 ar mhalairt slí idir Órán Mór agus Bóthar Bhaile Átha Cliath.

# Léarscáil Líonra na Gaillimhe

- An dóigh a dtugann BusConnects tú chuig an áit ar mian leat dul.



# Léarscáil Líonra Lár Chathair na Gaillimhe

- An dóigh a dtugann BusConnects tú chuig an áit ar mian leat dul.

